

[07_01.mp3](#)

Bileog 7.1

Siobhán: Ar an drochuair ní bhíonn mórán am saor agam ar chor ar bith, ach ag an deireadh seachtaine imrím cártaí le mo chuid cairde anois is arís. Imrím *poker* de ghnáth.

Peadar: Imrím galf dhá uair sa tseachtain, agus níos minice fiú i rith an tsamhraidh.

Seán: Ní duine aclaí mé in aon chor. Ní imrím aon spórt. Is breá liom a bheith ag léamh áfach, agus nuair a bhíonn an deis agam is breá liom dul go dtí an phictiúrlann.

Pól: Is breá liom spórt agus a bheith amuigh faoin aer an oiread agus is féidir. Imrím peil agus rugbaí le clubanna áitiúla anseo. Téim ag dreapadóireacht sa samhradh chomh maith nuair a bhíonn an t-am agam.

Ciara: Téim gach áit ar mo rothar, ach taobh amuigh de sin ní imrím aon spórt eile. Is breá liom a bheith ag léamh.

Clár: Imrím leadóg agus leadóg tábla gach seachtain. Is breá liom a bheith ag féachaint ar an teilifís.

Bileog 7.5

23/02/08, Nuacht TG4 (13.40 – 14.21)

[Níl fuaimrian ar fáil](#)

Anois mar a chonaic muid agus a chuala muid ó Rónán ar ball beag, an-lá ag na Gaeil inniu i bPáirc an Chrócaigh agus anois beidh siad ag fáiltiú na Breataine Bige faoi cheann coicise go Páirc an Chrócaigh i gcoimhlint a shocróidh seans an Triple Crown. Tá ár dtuairisceoir spóirt, Rónán Mac an Iomaire, i bPáirc an Chrócaigh agus sheol sé an scéilín seo chugainn cúpla nóiméad ó shin.

Sea, fáilte romhaibh anseo go Páirc an Chrócaigh agus fíorbhua d'fhoireann Eddie O'Sullivan anseo in aghaidh na hAlban 34/9 – 13 agus is é an rud is suntasaí agus an rud is tábhachtaí faoin mbua seo is dócha ná go dtabharfadh sé fíor-fíormhuinín d'fhoireann na hÉireann. Fuair muid 6 sheans agus scóráil muid cúig cinn acu. Sin rud nach raibh ag tarlú go dtí seo. Tabharfaidh sé agus ardóidh sé sin an brú ó Eddie O'Sullivan agus ón fhoireann.

[07_07.mp3](#)

Bileog 7.7

Tá mé i mo bhall de chlub seoltóireachta...bhuel i mbliana tá mé i mo reachtaire ar an chlub. Ciallaíonn sé seo go bhfuil a lán oibre le déanamh agam don chlub. I rith an gheimhridh bíonn cruinnithe ar siúl gach mí. Casaimid le chéile leis na rásaí agus na geallta bád don samhradh a eagrú. Bíonn an chéad rása ar siúl de ghnáth le linn na Cásca agus bíonn ar a laghad rása amháin ar siúl gach seachtain ina dhiaidh sin go dtí an Fómhar. Go minic bíonn dhá rása ar siúl againn i rith na seachtaine, ag brath ar an lán mara, agus bíonn dhá rása ar siúl gach deireadh seachtaine. Tá thart ar chaoga bád sa chlub agus bíonn an comórtas géar go leor caithfidh mé a rá. Bíonn craic ar dóigh againn. Nuair a bhíonn an aimsir go maith bíonn cóisirí againn sa chlub go rialta, agus fanann gach duine ar na báid don oíche.



OÉ Má Nuad